**Faisnéis faoin mbeart leantach a rinneadh maidir leis an ngearán a cláraíodh faoin uimhir thagartha CHAP(2015)1071 – Uasdátú, Meán Fómhair 2021**

Tá líon nach beag gearán faighte ag an gCoimisiún maidir leis an bhféidearthacht atá ann nach bhfuil dálaí oibre giúistísí oinigh san Iodáil comhoiriúnach le forálacha éagsúla de chuid dlí saothair an Aontais.

Rinne an Coimisiún na gearáin sin a iontráil i gclárlann lárnach na ngearán faoin uimhir thagartha CHAP(2015)1071.

Tar éis measúnú cúramach a dhéanamh, chinn seirbhísí an Choimisiúin go raibh forais ann chun tús a chur le himeachtaí um shárú in aghaidh na hIodáile. Is é tuairim an Choimisiúin nach gcomhlíonann reachtaíocht na hIodáile roinnt forálacha den Chreat-Chomhaontú atá i gceangal le Treoir 1999/70/CE maidir le hobair téarma shocraithe; den Chreat-Chomhaontú atá i gceangal le Treoir 97/81/CE maidir le hobair pháirtaimseartha; de Threoir 2003/88/CE maidir le hAm Oibre, agus de Threoir 92/85/CEE maidir le hOibrithe Torracha. Roinnt catagóirí de ghiúistísí oinigh, i.e. giúistísí oinigh na síochána (*giudice onorario di pace*), leas-ionchúisitheoirí oinigh (*VPO*), agus breithiúna oinigh (GOT), ní thairbhíonn siad de stádas 'oibrí' faoi dhlí náisiúnta na hIodáile, ach meastar gur oibrithe deonacha iad a chuireann seirbhísí ar fáil ar bhonn 'onórach'.

Ós rud é nach bhfuil stádas oibrí acu, ní thairbhíonn siad den chosaint atá ar fáil i ndlí saothair an Aontais. Áirítear leis an easpa cosanta sin,  gan liúntais a fháil i gcás tinnis, timpistí agus toirchis, an oibleagáid atá orthu clárú le ciste na hInstitiúide Náisiúnta Leasa Shóisialaigh d'oibrithe féinfhostaithe, difríochtaí sa phá agus i módúlachtaí pá, idirdhealú cánach, gan aisíocaíocht a fháil ar chostais dhlíthiúla a thabhófaí le linn imeachtaí araíonachta, agus easpa saoire máithreachais le pá. Is é tuairim an Choimisiúin nach bhfuil cosaint leordhóthanach acu ar mhí-úsáid conarthaí ar théarma seasta i ndiaidh a chéile, agus nach bhfuil an deis acu cúiteamh cuí a fháil as mí-úsáid den chineál sin. Thairis sin, tugann an t-eolas atá ar fáil le fios nach bhfuil córas curtha ar bun ag an Iodáil chun am oibre laethúil gach giúistís oinigh a thomhas. Ghlac an Iodáil reachtaíocht nua in 2017, reachtaíocht nár thug aon réiteach ar na hábhair imní sin.

Ar bhonn an mhéid sin thuas agus de réir mar a deimhníodh le déanaí i gCúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcás C-658/18 UX[1] gur cheart stádas oibrí a bheith ag na giúistísí oinigh sin, chinn an Coimisiún, an 15 Iúil 2021, tús a chur le nós imeachta um shárú in aghaidh na hIodáile toisc nár chomhlíon siad dlí saothair an Aontais. Beidh dhá mhí ag an Iodáil chun freagra a thabhairt ar an litir fógra fhoirmiúil a sheol an Coimisiún agus chun na bearta is gá a dhéanamh chun dlí an Aontais a chomhlíonadh, ach ina éagmais sin, féadfaidh an Coimisiún cinneadh a dhéanamh tuairim réasúnaithe a chur chuig Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus, ar deireadh, an Iodáil a thabhairt os comhair Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh.

Is ar an suíomh gréasáin seo a choinneoidh an Coimisiún na gearánaigh ar an eolas faoi na bearta leantacha a dhéanfar i leith a ngearán.

[1] CJEU, C-658/18, *UX v Governo della Repubblica italiana*, ECLI:EU:C:2020:572.